AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.12.2012
SWD(2012) 442 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

## ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***A ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir le tuairisciú tarluithe san eitlíocht shibhialta**

{COM(2012) 776 final}
{SWD(2012) 441 final}

GA GA

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***A ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún maidir le tuairisciú tarluithe san eitlíocht shibhialta**

# 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

## 1.1. Comhthéacs agus fadhbanna a sainaithníodh

Is córas frithghníomhach go príomha é an córas sábháltachta eitlíochta atá ann faoi láthair a bhraitheann ar dhul chun cinn teicneolaíoch, ar reachtaíocht fhónta bunaithe ar mhaoirseacht rialála éifeachtúil, agus ar imscrúduithe tionóiscí mionsonraithe a mbíonn moltaí le haghaidh feabhsuithe sábháltachta mar thoradh orthu. Mar sin féin, cé gur den tábhacht é a bheith in ann ceachtanna a fhoghlaim ó thionóiscí, is léir anois go bhfuil teorainn le cumas córas atá go hiomlán frithghníomhach feabhsuithe a thabhairt chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs na dúbailte atáthar a thuar a thiocfaidh ar aerthrácht faoi 2030.

Dá bhrí sin ba cheart córais shábháilteachta a bhogadh i dtreo próiseas sábháilteachta atá níos onnghníomhaí agus bunaithe ar fhianaise agus ina ndírítear ar thionóiscí a chosc trí anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sábháilteachta ar fad atá le fáil, lena n-áirítear faisnéis faoi tharluithe eitlíochta sibhialta.

Cé gur thosaigh an tAontas Eorpach (AE) an t-aistriú sin le glacadh Threoir 2003/42/CE[1] agus a cuid rialacha cur chun feidhme[2], ní leor na hiarrachtaí a dhéantar faoi láthair chun cosc a chur ar an méadú ar líon na dtionóiscí agus na mbásanna a bheidh ann mar thoradh ar an bhfás atá tuartha ar aerthrácht. Faoi láthair níl cumas leordhóthanach ag an Aontas Eorpach ná ag a Bhallstáit aiseolas faoi thaithí a úsáid chun tionóiscí a chosc.

Tá an fhadhb sin ann de dheasca roinnt easnamh.

Ar an gcéad dul síos, dealraíonn sé, cé go bhfuil sonraí ríthábhachtach chun guaiseacha sábháilteachta a shainaithint, nach bhfuil feasacht leordhóthanach ann faoi tharluithe sábháilteachta. Is amhlaidh atá toisc, i bpáirt, neamhréiteach a bheith ann idir na Ballstáit maidir le raon na dtarluithe a thuairiscítear. Ina theannta sin bíonn eagla ar dhaoine aonair tuairisciú (saincheist an "Chultúir Chóir"). Go deimhin, le go mbeifí in ann an sprioc le haghaidh tuairisciú a bhaint amach, mar atá

[1] Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú ar tharluithe in eitlíocht shibhialta; IO L 167, 4.7.2003, lch. 23.

[2] Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 1321/2007 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh faisnéise maidir le tarluithe eitlíochta sibhialta a chomhtháthú i stór lárnach, IO L 294 an 13.11.2007, lch. 3; Agus Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 1330/2007 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le faisnéis ar tharluithe eitlíochta sibhialta a dháileadh ar pháirtithe leasmhara, IO L 295 an 14.11.2007, lch. 7.

tuairisciú iomlán, ní mór lánmhuinín a bheith ag daoine aonair sa chóras, mar go n-iarrtar orthu go háirithe tuairisciú a dhéanamh ar bhotúin a d'fhéadfadh a bheith déanta acu féin nó ar chuir siad leo. Mar sin féin, ní thugtar an chosaint chéanna do dhaoine aonair sna Ballstáit uile agus is eagal leo go n-ionchúiseofaí iad nó go ngearrfadh a gceannasaithe pionós orthu. Ina theannta sin, ní leor mar a thiomsaítear tarluithe de dheasca tosca eile freisin, amhail easpa oibleagáide scéim thuairiscithe dheonach a bhunú chun na scéimeanna éigeantacha a chomhlánú, agus easpa soiléireachta maidir le hoibleagáidí tuairiscithe tarluithe agus maidir leis an sreabhadh faisnéise.

Ar an dara dul síos, ní dhéantar sonraí tarluithe a chomhtháthú ar bhealach comhchuibhithe agus struchtúrtha, rud a fhágann go mbíonn an fhaisnéis ar chaighdeán íseal agus go mbíonn na sonraí neamhiomlán**.** Cuireann sé sin isteach ar chomhsheasmhacht agus ar fhónamh na faisnéise agus cuireann sé teorainn lena húsáid chun críocha sábháilteachta**.** Tá an baol ann freisin go gcuirfí treochtaí míthreorach ar fáil a d'fhéadfadh iarrachtaí a chur amú trína dhíriú isteach ar réimsí nach bhfuil gá leo iontu nó níos measa arís gan fadhb sábháilteachta a shainaithint.

Ar an tríú dul síos, tá teorainn ar mhalartú faisnéise idir na Ballstáit ar an ábhar go bhfuil constaicí dlí agus eagrúcháin ar rochtain leordhóthanach a áirithiú ar fhaisnéis atá sa Stór Lárnach Eorpach, ina dtiomsaítear na sonraí náisiúnta go léir. Go deimhin de réir na reachtaíochta Eorpaí ní mór faisnéis áirithe a chur ó aithint. Cé gurb é cuspóir forálacha den sórt sin sonraí sábháilteachta íogaire a chosaint, is é an iarmhairt phraiticiúil air nach mbíonn fíricí tábhachtacha maidir le sábháilteacht, amhail an tuairisc iarbhír ar na tarluithe, ar fáil do na húdaráis. Is amhlaidh atá, go háirithe, de dheasca easpa muiníne sna Ballstáit maidir le húsáid na sonraí.

Ar deireadh, níl aon cheanglas ann maidir le húsáid na sonraí tarluithe arna mbailiú. Bíonn easpa anailíse ar tharluithe mar thoradh air sin agus ina dhiaidh sin ní ghlactar na gníomhartha iomchuí atá ceartaitheach agus coisctheach chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh shábháilteachta.

Is iad na páirtithe leasmhara is mó a mbeidh tionchar ag an tionscnamh seo orthu na daoine agus na heagraíochtaí ar fad a bhfuil baint acu leis an gcóras eitlíochta sibhialta, nó a thairbhíonn d'aershábháilteacht, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

### 1.2. Anailís ar choimhdeacht

Tá tuairisciú tarluithe fíor-riachtanach d'fheidhmiú iomchuí aeriompair, i gcomhréir le cuspóir Airteagal 91 den Choradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go bhfuil feidhm ag prionsabal na coimhdeachta, ní foláir údar iomchuí a bheith le gníomhaíocht an AE maidir le tuairisciú tarluithe.

Ar an gcéad dul síos, ní fhéadfadh na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta arna beartú a bhaint amach go leordhóthanach ar an ábhar go bhfuil gá leis na rialacha a chomhchuibhiú maidir le tarluithe a thuairisciú agus dá bhrí sin rialacha aonfhoirmeacha agus éifeachtacha a áirithiú san Eoraip. Ina theannta sin ní féidir rialacha a bhaineann le bunachar sonraí Eorpach agus le Gníomhaireacht de chuid an AE a bhunú ach trí Reachtaíocht Eorpach.

Ar an dara dul síos, tagann luach breise ghníomhaíocht an AE as na sochair shábháilteachta a bhaineann le neartú agus forbairt a dhéanamh ar bhearta onnghníomhacha bunaithe ar anailís ar tharluithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Ina theannta sin, is féidir le himeacht a bhfuil an chuma uirthi gur tarlú ar leithlis í i mBallstát amháin an gá le gníomhaíocht a léiriú, nuair a bhreathnaítear uirthi i gcomhthéacs an Aontais ina iomláine.

## 2. CUSPÓIRÍ THIONSCNAMH AN AE

Ba é príomhchuspóir an tionscnaimh tacú leis an laghdú ar líon na dtionóiscí aerárthaigh agus na mbásanna, trí na córais atá ann faoi láthair a fheabhsú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa araon, agus tarluithe eitlíochta sibhialta a úsáid chun easnaimh shábháilteachta a cheartú agus cosc a chur orthu tarlú an athuair.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha (CS):

- A áirithiú go mbailítear gach tarlú a chuireann sábháilteacht eitlíochta i mbaol nó a chuirfeadh i mbaol í agus go dtugann siad pictiúr críochnúil soiléir maidir le rioscaí sábháilteachta san AE agus ina Bhallstáit (CS1)
- A áirithiú maidir le tuarascálacha tarluithe a stóráiltear sna bunachair shonraí náisiúnta agus sa Stór Lárnach Eorpach go bhfuil siad críochnúil agus go bhfuil sonraí d'ardcháilíocht iontu (CS2)
- A áirithiú go bhfuil teacht leordhóthanach ag údaráis inniúla ar an bhfaisnéis shábháilteachta ríthábhachtach ar fad arna stóráil sa Stór Lárnach Eorpach agus go n-úsáidtear í chun críocha feabhsú sábháilteachta amháin (CS3)
- A áirithiú go ndéantar anailís éifeachtúil ar tharluithe, go sainaithnítear guaiseacha sábháilteachta agus go dtugtar aghaidh orthu más iomchuí agus go ndéantar faireachán ar éifeachtúlacht shábháilteachta na ngníomhaíochtaí a dtugtar fúthu (CS4).

## 3. ROGHANNA BEARTAIS

Is é an chéad rogha a sainaithníodh reachtaíocht reatha an AE a aisghairm. I bhfianaise an riosca thromchúisigh a chuirfeadh an rogha ar shábháilteacht saoránach, níor coinníodh leis an rogha sin agus cuireadh i leataobh í.

Chun cúiseanna na bhfadhbanna a réiteach sainaithníodh roinnt beart beartais agus roinnt athghrúpaí i dtrí phacáiste beartais.

Tá sé mar aidhm ag pacáiste beartais 1 (PB1) an córas atá ann faoi láthair a fheabhsú trí na buneilimintí a bhunú le haghaidh córais tuairiscithe tarluithe iomláin agus a thionchar ar fheabhsú sábháilteachta eitlíochta tríd an leasú íosta is gá a dhéanamh, agus sin amháin, ar an reachtaíocht agus moltaí agus treoracha a ghlacadh más féidir. Is ann atá na bearta beartais is lú déine dár sainaithníodh.

Is é atá i bpacáiste beartais 2 (PB2) pacáiste beart beartais níos uaillmhianaí lena bhfuil athbhreithniú suntasach i gceist ar reachtaíocht an AE maidir le tuairisciú tarluithe. Sa phacáiste beartais 2 (PB2) féachtar leis an gcóras atá ann faoi láthair a fheabhsú trí na ceanglais reachtaíochta is gá a leagan síos le haghaidh córas tuairiscithe tarluithe éifeachtach a áirithiú ar gach leibhéal agus tacú le tionóiscí aerárthaí a laghdú trí phróisis a bhunú le haghaidh anailíse ar shonraí arna mbailiú, bearta iomchuí a ghlacadh agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais ó thaobh feabhsúcháin sábháilteachta.

Tá sé mar aidhm ag pacáiste beartais 3 (PB3) an córas atá ann faoi láthair a fheabhsú trí inniúlachtaí tuairiscithe tarluithe na mBallstát a aistriú go leibhéal an AE agus, mar atá leagtha amach in PB2, ceanglais a leagan síos le haghaidh anailíse ar tharluithe mar aon le glacadh na ngníomhaíochtaí sábháilteachta is gá agus faireachán a dhéanamh ar fheabhsúcháin. Faoi PB3, d'aistreofaí an fhreagracht as scéimeanna tuairiscithe tarluithe a bhunú agus a bhainistiú chuig an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA).

Léirítear sna táblaí thíos na bearta beartais atá áirithe sna pacáistí beartais éagsúla.

| Saincheisteanna a sainaithníodh i roinn 2.2 | Bearta beartais | Mionsonraí maidir leis an mbeart beartais |
| --- | --- | --- |
| **Cúis faidhbe 1: Níl bailiú na sonraí maidir le tarluithe barrmhaith (CF1)** | | |
| **A Tá raon feidhme an tuairiscithe, ó thaobh chineál na dtarluithe de, difriúil ó Bhallstát go Ballstát rud a chruthaíonn neamhréitigh maidir le leibhéal an tuairiscithe** | 1. Soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme na dtarluithe atá le bailiú trí threoir a thabhairt – ***PB1*** | |
| | 2. Raon feidhme an tuairiscithe a chomhchuibhiú agus an t-ábhar atá le tuairisciú á shonrú in iarscríbhinn – ***PB2 agus PB3*** | |
| **B: Tá eagla ar dhaoine aonair tuairisciú (saincheist an "Chultúir Chóir")** | 1. Treoir a thabhairt maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme Airteagal 8 – ***PB1*** | |
| | 2. Na rialacha atá ann cheana a shoiléiriú agus a chomhlánú (an "Cultúr Cóir" a shainmhíniú, lárionad náisiúnta a bhunú, an prionsabal nach lochtaítear daoine a chur i bhfeidhm, tuarascálacha a chur ó aithint) **– *PB2 agus PB3*** | |
| **C: Níl aon oibleagáid ann Scéim Tuairiscithe Dheonaigh Tarluithe (STDT) a bhunú agus níl aon soiléiriú ann maidir le cad ba cheart a thuairisciú faoi STDT** | 1. Moladh ón gCoimisiún caighdeán ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) a chur chun feidhme lena bhforchuirtear bunú STDT; treoir maidir leis an scéim tuairiscithe éigeantaigh tarluithe (STET) / - ***PB1*** | |
| | 2. Caighdeán an EESI a chur chun feidhme i ndlí an AE lena bhforchuirtear bunú STDT; soiléiriú cad ba cheart a thuairisciú faoi STET/STDT **- *PB2*** | |
| | 3. STDT Eorpach amháin a chur in ionad na STDTanna náisiúnta; soiléiriú cad ba cheart a thuairisciú faoi STET/STDT **– *PB3*** | |
| **D: Tá an iomarca oibleagáidí maidir le tuairisciú tarluithe in ionstraimí éagsúla reachtaíocht an AE, rud a chruthaíonn dúbailt agus doiléireacht** | 1. Treoir lena sonraítear na hoibleagáidí ar fad maidir le tuairisciú agus na ceanglais is infheidhme do gach oibleagáid maidir le tuairisciú faoi seach; seisiúin traenála a eagrú **– *PB1*** | |
| | 2. Na ceanglais ar fad maidir le tuairisciú a shimpliú agus a chomhchuibhiú; ceanglais maidir le tuairisciú a mhionathrú i reachtaíocht ábhartha eile an AE - ***PB2 agus PB3*** | |
| **E: Níl sreabha na faisnéise soiléir agus níl aon cheanglas ar eagraíochtaí sa Treoir maidir le faisnéis a bhailiú i dtaobh tarluithe** | 1. Moladh ón gCoimisiún maidir leis an gcaighdeán de chuid an EESI a chur chun feidhme lena n-iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go mbunaítear Córas Bainistithe Sábháilteachta (CBS) laistigh dá dtionscal **– *PB1*** | |
| | 2. An chuid sin de chaighdeán an EESI a bhaineann le tarluithe a thuairisciú lena n-iarrtar ar Bhallstáit a áirithiú go mbunaítear CBS laistigh dá dtionscal a chur chun feidhme **– *PB2*** | |

| | | |
|---|---|---|
| | 3. An chuid sin de chaighdeán an EESI a bhaineann le tarluithe a thuairisciú lena n-iarrtar ar Bhallstáit a áirithiú go mbunaítear CBS laistigh dá dtionscal a chur chun feidhme; an oibligeáid chun tarluithe a bhailiú a aistriú ó na Ballstáit chuig comhlacht uathúil a bhaileoidh gach tarlú a eascraíonn ón STET, go díreach agus go háirithe ón tionscal **– *PB3*** | |

| Saincheisteanna a sainaithníodh i roinn 2.2 | Bearta beartais | Mionsonraí maidir leis an mbeart beartais |
|---|---|---|
| **Cúis faidhbe 2: Comhtháthú Sonraí: Caighdeán íseal na faisnéise agus neamhiomláine na sonraí (CF2)** | | |
| **A: Bíonn cuma an-difriúil ar tharluithe éagsúla agus ní ionchódaítear ná ní aicmítear i mbunachair iad ar bhealach comhchuibhithe.** | 1. Treoir maidir le tarlú a chomhdú traenáil agus aicmiú comhchuibhithe níos fearr a áirithiú laistigh de bhunachair náisiúnta agus ina measc **– *PB1*** | |
| | 2. An próiseas tuairiscithe a chomhchuibhiú agus an próiseas iontrála sonraí a chur ar bhonn caighdeánach i measc na mBallstát; ábhar treorach a fhorbairt agus seisiúin traenála a eagrú **– *PB2*** | |
| | 3. Úsáid formáid sonraí uathúil a fhorchur le haghaidh tuarascálacha tarluithe; bailiú ar leibhéal an AE trí eintiteas amháin a chur in ionad bailiú tarluithe sna Ballstáit **– *PB3*** | |
| **B: Is minic nach mbíonn próiseas rialaithe cáilíochta ann chun seasmhacht na sonraí a áirithiú** | 1. Treoir maidir le cáilíocht sonraí uirlisí uathoibríocha a fhorbairt chun cáilíocht sonraí a sheiceáil agus iad a chur ar fáil do na Ballstáit; seisiúin traenála agus ceardlanna a eagrú **– *PB1*** | |
| | 2. Prionsabal na seiceála ar cháilíocht a fhorchur ar eagraíochtaí agus ar na Ballstáit araon; an t-ábhar treorach atá ann faoi láthair maidir le cáilíocht sonraí a fhorbairt agus a chomhlánú; uirlisí uathoibríocha do sheiceáil cáilíochta sonraí a fhorbairt; seisiúin traenála agus ceardlanna a fhorbairt – ***PB2 agus PB3*** | |
| **C: Ní chuirtear gach faisnéis go dtí an Stór Lárnach Eorpach agus ní léirítear i gcónaí leis na sonraí arna bhailiú an fheidhmíocht sábháilteachta iarbhír** | Leanúint de fhorbhreathnú na sonraí sa Stór Lárnach Eorpach a áirithiú agus nósanna imeachta a sheoladh más gá; d'fhéadfadh an reachtaíocht dul isteach i raon feidhme chigireachtaí caighdeánaithe an EASA **– *PB1,PB2 agus PB3*** | |
| **D: Níl na príomhréimsí sonraí uile líonta sa Stór Lárnach Eorpach i gcás cuid mhór tarluithe** | 1. Ábhar treorach maidir le cad ba cheart a chomhlíonadh agus liosta réimsí a fhorbairt do gach catagóir tarluithe ábhartha – ***PB1*** | |
| | 2. An reachtaíocht a mhionathrú chun prionsabal na réimsí éigeantacha a bhunú; iarscribhinn i gceangal leis an reachtaíocht maidir le réimsí éigeantacha le haghaidh gach catagóra ábhartha tarluithe faoi seach – ***PB2 agus PB3*** | |

| Saincheisteanna a sainaithníodh i roinn 2.2 | Bearta beartais | Mionsonraí maidir leis an mbeart beartais |
|---|---|---|
| **Cúis faidhbe 3: Na baic dlí agus na baic eagrúcháin ar rochtain leordhóthanach a áirithiú ar fhaisnéis ón Stór Lárnach Eorpach (CF3)** | | |
| **A: Níl rochtain ar fhaisnéis thábhachtach maidir le tarluithe (insint)** | Rochtain níos leithne ar an Stór Lárnach Eorpach a áirithiú go sonrach chun rochtain a thabhairt d'údaráis inniúla shainaitheanta ar fhaisnéis sábháilteachta oiriúnach | |
| **B: Easpa muiníne sna Ballstáit maidir le húsáid sonraí ón Stór Lárnach Eorpach** | Úsáid sonraí ón Stór Lárnach Eorpach a theorannú chun críocha feabhsú sábháilteachta – ***PB1, PB2 agus PB3*** | |

| Saincheisteanna a sainaithníodh i roinn 2.2 | Bearta beartais | Mionsonraí maidir leis an mbeart beartais |
|---|---|---|
| **Cúis faidhbe 4: Easpa anailíse tarluithe ar leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach agus easpa beart sábháilteachta iomchuí – (CF4)** | | |
| **A: Níl anailís chórasach ann maidir le tarluithe ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an AE** | 1. Moladh maidir le Caighdeán an EESI a chur chun feidhme lena n-iarrtar ar Bhallstáit anailís a dhéanamh ar shonraí a thagann ó STET agus ó STDT agus an gníomhú iomchuí is gá a chinneadh **– *PB1*** | |
| | 2. Caighdeán an EESI a chur chun feidhme lena n-iarrtar ar Bhallstáit anailís a dhéanamh ar shonraí a thagann ó STET agus ó STDT agus gníomhú iomchuí is gá a chinneadh an ceanglas sin a fhorchur ar eagraíochtaí, ar Bhallstáit agus é sin a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa **– *PB2*** | |
| | 3. Caighdeán an EESI a chur chun feidhme lena n-iarrtar ar Bhallstáit anailís a dhéanamh ar shonraí a thagann ó STET agus ó STDT agus an gníomhú iomchuí is gá a chinneadh an ceanglas sin a fhorchur ar eagraíochtaí, agus é sin a dhéanamh ar leibhéal an AE **– *PB3*** | |
| **B: Níl sásra beartais ann chun feabhsuithe sábháilteachta a ghnóthú agus é bunaithe ar anailís tarluithe** | 1. Moladh chun moladh an ICAO a chur chun feidhme lena n-iarrtar gníomhartha iomchuí, ceartaitheacha agus cosantacha a chur chun feidhme arna sainaithint ó anailís tarluithe agus faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht – ***PP1*** | |
| | 2. Caighdeán an EESI a chur chun feidhme lena n-iarrtar gníomhartha cuí, ceartaitheacha agus cosantacha a dhéanamh arna sainaithint ó anailís ar tharluithe ar leibhéal na heagraíochta, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an AE agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngníomhartha sin ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an AE – ***PB2*** | |

| | |
|---|---|
| | 3. Caighdeán an EESI a chur chun feidhme lena n-iarrtar gníomhartha iomchuí, ceartaitheacha agus cosantacha a dhéanamh arna sainaithint ó anailís tarluithe ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ngníomhartha sin ar leibhéal an AE – ***PB3*** |
| **C: Níl uirlis ann chun ord tosaíochta a cheapadh d'anailís tarluithe** | 1. Comhscéim aicmiúcháin riosca don AE a fhorbairt chun tarluithe a aicmiú ar dhóigh chomhchuibhithe; an uirlis sin a chur ar fáil moladh do na Ballstáit a gcuid tarluithe a aicmiú i gcomhréir leis an uirlis sin – ***PB1*** |
| | 2. Ceangal ar Bhallstáit nó ar eintiteas de chuid an AE tarluithe a aicmiú i gcomhréir le comhuirlis aicmiúchain riosca don AE; An uirlis sin a fhorbairt ar leibhéal an AE agus í a chur ar fáil do na Ballstáit agus don tionscal – ***PB2 agus PB3*** |

## 4. MEASÚNÚ TIONCHAR

Déantar achoimre ar thionchair na bpacáistí beartais sa tábla seo thíos:

| | Pacáiste beartais 1 | Pacáiste beartais 2 | Pacáiste beartais 3 |
|---|---|---|---|
| **An tionchar ar shábháilteacht** | ÍSEAL DEARFACH | ARD DEARFACH | ÍSEAL DEARFACH |
| **Tionchair eacnamaíocha** | | | |
| An tionchar ar an tionscal | NIALAS | MEÁN DEARFACH | ÍSEAL DIÚLTACH |
| An tionchar ar na Ballstáit | NIALAS | ÍSEAL DIÚLTACH | ARD DEARFACH |
| An tionchar ar an margadh inmheánach agus ar iomaíocht | ÍSEAL DEARFACH | ARD DEARFACH | ÍSEAL DEARFACH |
| Ualaí riaracháin / bliain | NIALAS | ÍSEAL DIÚLTACH - €831,133 | MEÁN DIÚLTACH - €2.235 MILLIÚN |
| An tionchar ar bhuiséad an AE / bliain | GAR DO NIALAS - €165,000 | ÍSEAL DIÚLTACH - €530,000 | ARD DIÚLTACH - €12.1 MILLIÚN |
| **Tionchair shóisialta** | | | |
| Caighdeáin agus cearta maidir le cáilíocht post | ÍSEAL DEARFACH | MEÁN DEARFACH | ARD DEARFACH |
| Fostaíocht | NEODRACH | ÍSEAL DEARFACH | ÍSEAL DEARFACH |
| Sonraí pearsanta | NIALAS | MEÁN DEARFACH | MEÁN DEARFACH |
| Sláinte agus sábháilteacht an Phobail | ÍSEAL DEARFACH | ARD DEARFACH | ÍSEAL DEARFACH |
| **Tionchair ar an gcomhshaol** | GAR DO NIALAS | GAR DO NIALAS | GAR DO NIALAS |
| **Tionchair ar chearta bunúsacha** | ÍSEAL DEARFACH | ARD DEARFACH | ÍSEAL DEARFACH |
| **Tionchair ar shimpliú na reachtaíochta atá ann cheana** | NIALAS | ARD DEARFACH | ARD DEARFACH |
| **Tionchair ar thríú tíortha** | ÍSEAL DEARFACH | ARD DEARFACH | ÍSEAL DEARFACH |

## 5. COMPARÁID IDIR NA ROGHANNA

Déantar measúnú ar na pacáistí beartais os coinne chritéir na héifeachtúlachta, na héifeachtachta agus an chomhchuibhis.

Ó thaobh na héifeachtúlachta de, is le PB2 is fearr is féidir na cuspóirí sonracha uile a bhaint amach, cé go bhfuil PB3 éifeachtúil go maith ar bhealach ginearálta. Ní bhaineann PB1 ach CS3 amach go hiomlán.

Tá bearta in PB1 ar a bhfuil costais chur chun feidhme nó costais riaracháin an-íseal de dhíth agus cuireann siad leis an CS a ghnóthú, ach ar dhóigh theoranta, rud a fhágann nach bhfuil an beartas seo ar an gceann is éifeachtaí maidir leis na cuspóirí a bhaint amach.

Ó thaobh éifeachta de, is é PB3 is costasaí agus níl sé chomh héifeachtach céanna le PB2. Is é PB1 is saoire ach níl sé chomh héifeachtach céanna.

Ó thaobh comhcuibhis de, tá na pacáistí beartais ar fad mórán mar a gcéanna agus cúitíonn na cineálacha éagsúla tionchar a chéile ar bhealach teoranta, ach is ó PB2 is lú a theastaíonn an cúiteamh sin.

Ina fhianaise seo uile, is é PB2 an pacáiste a mholtar mar gur mó go mór na sochair ná na costais. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo le feabhsú sábháilteachta eitlíochta trí fheabhas a chur ar bhailiú faisnéise i dtaobh tarluithe, trí fheabhas a chur ar cháilíocht sonraí, trí rochtain níos iomchuí ar fhaisnéis agus trí ceanglais a thabhairt isteach maidir le húsáid faisnéise ó tharluithe chun tionóiscí eitlíochta a laghdú.

## 6. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin trí bliana tar éis don reachtóir é a ghlacadh agus dhéanfadh sé faireachán leanúnach ar thacar croítháscairí iompair atá le fáil cheana. Úsáidfear na táscairí seo chun a mheas a mhéid agus a bhaineann an rogha beartais arna glacadh na cuspóirí sonracha amach.